Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2019**
**(OR. fr)**

**9103/19**

**COAFR 92**
**CFSP/PESC 356**
**CSDP/PSDC 230**
**DEVGEN 98**
**COHOM 56**
**COHAFA 42**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9102/19 |
| Ábhar: | An tSaiheil<br>- Conclúidí ón gComhairle (13 Bealtaine 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSaiheil a ghlac an Chomhairle ag an 3688ú cruinniú dá cuid, ar an 13 Bealtaine 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSaiheil**

1. Tacaíonn an tAontas Eorpach (AE) le húdaráis agus le muintir na Saiheile, a bhfuil dúshláin de chineálacha éagsúla fós os a gcomhair amach: i) dúshláin pholaitiúla, go háirithe easnaimh thromchúiseacha sa rialachas, sa smacht reachta agus i gcosaint chearta an duine; ii) dúshláin a bhaineann leis an tslándáil, de bhrí go bhfuil an bhagairt sceimhlitheoireachta, an foréigean antoisceach agus an choireacht eagraithe ag méadú, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, agus ós rud é go bhfuil éifeacht dhiúltach ag an athrú aeráide ar acmhainní nádúrtha agus coinbhleachtaí áitiúla á spreagadh aige; iii) dúshláin ó thaobh na forbartha de, de bhrí go bhfuil bochtaineacht eindéimeach, fás déimeagrafach láidir agus comhtháthú socheacnamaíoch lag ann; iv) cuireann na gnéithe sin isteach ar shlándáil an tsoláthair bia, méadaíonn siad an brú imirce agus tá an staid dhaonnúil ag dul in olcas dá mbarr. Ós amhlaidh atá, bhris coinbhleachtaí móra amach idir pobail laistigh de chúpla mí i roinnt tíortha sa réigiún. Is ar Stáit na Saiheile go háirithe atá an fhreagracht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus na heasnaimh a leigheas. Tacaíonn an comhphobal idirnáisiúnta leo agus na hiarrachtaí sin ar bun acu.

2. Tosaíocht straitéiseach atá sa tSaiheil don Aontas gona Bhallstáit. Is léir an méid sin ón gcruinniú idir airí gnóthaí eachtracha agus airí cosanta ocht mBallstát is fiche an Aontais agus cúig Bhallstát G5 na Saiheile le linn an chruinnithe den Chomhairle Gnóthaí Eachtracha a bhí ar siúl ar an 14 Bealtaine 2019. I gcreat idirphlé pholaitiúil leanúnaigh agus cur chuige chomhtháite atá dírithe ar an nasc idir an fhorbairt agus an tslándáil, agus ar bhonn straitéis an Aontais don tslándáil agus don fhorbairt sa tSaiheil agus a phlean gníomhaíochta réigiúnaí, mar aon le cúig cholún an phlean gníomhaíochta a glacadh ag cruinniú mullaigh Vaileite in 2015, baineadh úsáid as ionstraimí uile gníomhaíochta seachtraí na hEorpa. Tacaíonn an tAontas, dá réir sin, le gach ceann de chúig thír G5 na Saiheile agus seasann sé lena n-iarrachtaí comhair. Is iad an tAontas gona Bhallstáit príomh-chomhpháirtithe an réigiúin, le níos mó ná 8 mbilliún euro á slógadh acu idir 2014 agus 2020 i gcabhair um fhorbairt do na cláir náisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe tríd an gCiste Iontaobhais Éigeandála. Tacaíonn an tAontas gona Bhallstáit leis an tslándáil sa tSaiheil freisin trí úsáid a bhaint as líon mór acmhainní daonna agus ábhartha, go háirithe trí mhisin a chuirtear i gcrích faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) – EUTM Mali, EUCAP Sahel Mali agus EUCAP Sahel Niger – trína rannpháirtíocht i misean MINUSMA de chuid na Náisiún Aontaithe, trí Oibríocht Barkhane de chuid na Fraince, lena dtacaíonn Ballstáit eile agus trí ghealltanais dhéthaobhacha iomadúla.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas, i gcomhréir le Rún 2391 de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, do G5 na Saiheile agus meabhraíonn sé an tacaíocht shuntasach a thugann sé ar mhaithe lena struchtúir rialachais a chur ar bun, Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile a oibríochtú agus Clár Infheistíochta Tosaíochta agus Clár Éigeandála G5 na Saiheile a chur chun feidhme, le tacaíocht ó Chomhaontas na Saiheile agus ó dheontóirí eile. Is díol sásaimh dó gur cuireadh tús an athuair le hoibríochtaí Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus iarrann sé go gcuirfí dlús lena iarrachtaí. Bliain amháin tar éis na comhdhála ardleibhéil faoin tSaiheil a tionóladh sa Bhruiséil ar an 23 Feabhra 2018, geallann an tAontas gona Bhallstáit go leanfaidh siad de na EUR 147 milliún a leithdháileadh ar an bhFórsa cheana féin a chur chun feidhme.

4. Is údar mór imní fós é don Aontas go bhfuil an foréigean sceimhlitheoireachta agus, ina theannta sin, an foréigean idirphobail ag méadú i Mailí agus i mBuircíne Fasó. Iarrann sé ar na húdaráis tús a chur le fiosrúcháin iomchuí nó iad a bhrostú, lena n-áirítear fiosrúcháin ar an bhforéigean gnéasach nó inscne, d'fhonn freagracht dhíreach nó neamhdhíreach gach duine atá páirteach ann a chinneadh ionas nach mbeidh aon deis ann éalú ón dlí, agus na saoránaigh a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar maidir leis an méid sin. Iarrann sé ar na rialtais freisin na mílístí go léir ar a gcríoch a scor agus a dhí-armáil agus próiseas polaitiúil idirphlé agus athmhuintearais a bheidh uaillmhianach agus cuimsitheach a sheoladh do na réigiúin lena mbaineann chun na fadhbanna comhtháthaithe shóisialta agus muiníne, go háirithe idir muintir na tíre agus na fórsaí armtha, a réiteach. Iarrann sé, i dtaca leis sin, ar na fórsaí slándála agus cosanta sáriompar a thaispeáint, agus cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta á n-urramú mar aon le hobair leantach bhreithiúnach a dhéanamh ar theagmhais a d'fhéadfadh a bheith ina sáruithe ar na cearta sin. Ní foláir a chinntiú go seachnófar earcú agus úsáid saighdiúirí linbh agus go rachfar i ngleic leis an bhfeiniméan sin agus go ndéanfar saighdiúirí linbh a athimeascadh sa tsochaí. Spreagann an tAontas G5 na Saiheile agus gach ceann dá Bhallstáit tús áite a thabhairt do na limistéir éagobhsaí is criticiúla, gan neamhshuim a dhéanamh de na limistéir chobhsaí, agus aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna leis an éagobhsaíocht ar bhealach comhtháite chun foréigean a sheachaint agus riachtanais agus mianta na ndaoine a bhaint amach, lena n-áirítear mianta na mban agus na ndaoine óga.

5. Cuireann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá na hathchóirithe móra atá le déanamh ag rialtais G5 na Saiheile d'fhonn an tsíocháin, an tslándáil agus an rathúnas inbhuanaithe a áirithiú. Ar thaobh amháin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rialachas cuimsitheach i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, go mbeadh fíordhílárú ann, go háirithe athbhunú seirbhísí poiblí, lena n-áirítear rochtain ar an oideachas, do chailíní agus do mhná go mór mór, go n-osclófaí na scoileanna an athuair, go mbeadh rochtain ar cheartas ag cách, go gcuirfí in aghaidh an éillithe agus go gcuirfí an dea-rialachas i bhfeidhm. Ar an taobh eile, caithfear an earnáil slándála a athchóiriú ionas gur fearr is féidir cur i gcoinne na héiginnteachta agus chun deireadh a chur leis an mí-úsáid a dhéantar in aghaidh an phobail shibhialta. Caithfear seasamh ceart do dheiseanna córa eacnamaíocha, do chearta agus do chumhachtú na mban agus na gcailíní, do chosaint agus do lánpháirtiú na ndaoine sin atá leochaileach agus don chomhionannas ó thaobh rochtain ar sheirbhísí poiblí, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgeachta. Mar fhocal scoir, tá forbairt eacnamaíoch chuimsitheach agus inbhuanaithe, rochtain chothrom ar acmhainní nádúrtha, freagairtí iomchuí ar athruithe aeráide agus éiceolaíochta agus timpeallacht níos fabhraí don fhiontraíocht agus don infheistíocht de dhíth freisin. Cuireann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht iomlán na n-ógánach, na mban agus na sochaí sibhialta i bpróisis na síochána, lena n-áirítear i dtaca le coinbhleachtaí a chosc, i gcoitinne agus ar an leibhéal áitiúil freisin. Má táthar chun an tsíocháin agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur i réim i réigiún na Saiheile, ní féidir déanamh dá huireasa. Molann an tAontas do G5 na Saiheile féachaint chuige go ndéantar gné na hinscne a chomhtháthú ina gcuid gníomhaíochtaí go léir.

6. Iarrann an tAontas ar Stáit G5 na Saiheile dlús a chur leis an méid atá ar bun acu i dtaca leis an gcomhar réigiúnach, go háirithe na hacmhainní is gá a chur ar fáil don bhuanrúnaíocht ionas go bhféadfaidh sí an misean atá aici a chur i gcrích, agus treisiú le feidhmiú iomlán an Fhórsa Chomhpháirtigh agus MIP a chur chun feidhme láithreach sna limistéir sin is leochailí. Leag sé béim an athuair ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus na Ballstáit i bhfeidhm go héifeachtach an creat lena n-urramaítear cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus a riachtanaí atá sé go mbeadh póilíní ag tacú leis an bhFórsa Comhpháirteach, lena áirithiú go mbeadh comhéadan éifeachtach idir an Fórsa Comhpháirteach agus na córais náisiúnta ceartais. Maidir leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur tionóladh an dara comhdháil maidir leis na naisc idir an tslándáil, an ceartas agus an fhorbairt laistigh de G5 na Saiheile a neartú, ar an 21 Eanáir seo caite in Niamey.

7. Ós rud é go bhfuil an staid slándála sa réigiún ag dul in olcas, staid is measa fós de dheasca na héagobhsaíochta sna tíortha comharsanachta, meabhraíonn an tAontas go bhfuil freagracht ar na gníomhaithe uile – G5 na Saiheile, rialtais náisiúnta a chuid tíortha, ECOWAS agus na tíortha comharsanachta, an tAontas Afracach agus na Náisiúin Aontaithe – a gcuid acmhainní a shlógadh i gcur chuige comhleanúnach domhanda i leith na cobhsaíochta lena bhféadfar an tslándáil agus an fhorbairt a athbhunú. Is díol sásaimh don Aontas, i ndáil leis an méid sin, an obair atá ar bun ag rialtais thíortha na Saiheile agus ag gníomhaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ról comhordaithe na Náisiún Aontaithe. Leagann sé béim ar an ról ríthábhachtach atá ag MINUSMA ar mhaithe leis an gcobhsaíocht, an tsíocháin agus an athmhuintearas i Mailí, lena n-áirítear a ról i dtuaisceart agus i lár na tíre, go háirithe a chuid misean chun tacú le hath-imlonnú an Stáit, chun na sibhialtaigh uile a chosaint gan aon idirdhealú, chun tacú le seirbhísí bunúsacha agus dea-mhéin a athbhunú do phróiseas polaitiúil Mhailí nach mór a thabhairt chun críche, mar aon lena chumas idirghníomhú le fórsaí slándála eile, lena n-áirítear tríd an tacaíocht a thugann sé don Fhórsa Comhpháirteach. Dá bhrí sin, ba dhíol sásaimh don Aontas dá nglacfadh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i mí an Mheithimh seo chugainn sainordú MINUSMA a fhreagródh do na dúshláin sin.

8. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinneadh i Mailí ó thaobh an Comhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas, a síníodh i mí an Mheithimh 2015, a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an gCoiste Leantach, ach iarrann sé ar na páirtithe atá rannpháirteach, go háirithe ar rialtas nua Mhailí, leanúint dá gcuid iarrachtaí agus iad a thabhairt i gcrích go gasta, go háirithe maidir le comhraiceoirí a athimeascadh go héifeachtach trí phróiseas na dí-armála, an díshlógaidh agus an athimeasctha, maidir le hathchóiriú na hearnála slándála, dul chun cinn i dtaca le dílárú agus crios forbartha a chruthú le haghaidh réigiúin an Tuaiscirt. Iarrann sé ar na húdaráis is airde i Mailí próiseas an athbhreithnithe ar an mbunreacht a chur i gcrích de mheon na cuimsitheachta, ionas go nglacfaidh sochaí iomlán Mhailí an bunreacht agus go mbeidh sé ina chabhair chun an tsíocháin a athbhunú i Mailí atógtha. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé na mná, na hógánaigh agus an tsochaí shibhialta a chuimsiú go huile is go hiomlán agus an comhaontú á chur chun feidhme.

9. Tá an staid dhaonnúil ag dul in olcas mar thoradh ar an gcor chun donais i gcúrsaí slándála. Cuirtear leis na deacrachtaí a eascraíonn as géarchéimeanna bia agus cothaithe a tharlaíonn arís is arís eile mar gheall ar an easáitiú de dheasca an fhoréigin agus is mó is gá daoine leochaileacha – leanaí, mná agus daoine faoi mhíchumas ach go háirithe – a chosaint. Ina cháil mar dheontóir tábhachtach daonnúil a leithdháil níos mó ná EUR 250 milliún le dhá bhliain anuas chun cabhrú le muintir thíortha G5 na Saiheile, agus ós amhlaidh go bhfuil an fhreagairt éigeandála tearcmhaoinithe, iarrann an tAontas ar thíortha G5 na Saiheile dlús a chur lena gcuid iarrachtaí chun tuilleadh easáitithe a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na daoine atá thíos le coinbhleachtaí agus foréigean ar sheirbhísí bunúsacha. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na dtíortha sin.

10. Leanfaidh an tAontas de thús áite a thabhairt do réigiún na Saiheile agus de thabhairt faoi na tionscnaimh iomchuí agus aird á tabhairt aige ag an am céanna ar rannpháirtíocht a chomhpháirtithe agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar. Meabhraíonn an tAontas a thiomanta atá sé tacú le filleadh an Stáit agus na seirbhísí bunúsacha, le cobhsú na limistéar forimeallach, leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála, mar shampla trí thionscadal GAR-SI na Saiheile agus le gach iarracht chun idirphlé agus athmhuintearas a bhaint amach. Tá sé réidh freisin leanúint de thacaíocht a thabhairt don athchóiriú riachtanach ar fhórsaí slándála agus cosanta thíortha G5 na Saiheile, d'iarrachtaí chun a gcuid acmhainneachtaí a fhorbairt, bunaithe ar straitéisí áitiúla, agus a n-ath-imlonnú, go háirithe trí thacú le misin CBSC atá ann cheana féin i Mailí agus sa Nígir, i gcomhréir le sainorduithe na misean sin. Thairis sin, cuireann sé i bhfios go láidir nach féidir le tacaíocht ón Aontas a bheith éifeachtach ach amháin má dhéanann tíortha G5 na Saiheile iarracht éifeachtach feabhas a chur ar an rialachas, ar an bhforbairt agus ar an tslándáil ar fud an réigiúin. Leanfaidh an tAontas de shúil ghéar a choimeád ar chúrsaí agus aithneoidh sé aon choigeartú riachtanach ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá ar siúl, ar bhonn an dul chun cinn a dhéantar, go háirithe mar ullmhúchán do chruinniú bliantúil na n-airí idir G5 na Saiheile agus an tArdionadaí a thionólfar in Ouagadougou i mí Iúil 2019.